



SCOIL SAMHRAIDH AN PHIARSAIGH

26-27 IÚIL 2018

CONAMARA

**SAOR
IN AISCE**

Arna eagrú
ag



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Scoil Samhraidh an Phiarsaigh

Bunaíodh an Scoil Samhraidh seo in 2015 chun comóradh a dhéanamh ar Phádraig Mac Piarais agus an fhís a bhí aige maidir leis an nGaeilge, cothú na teanga, an Ghaeltacht, cearta, cultúr, oideachas, litríocht agus a lán eile. Tá meascán de nithe éagsúla ar chlár na bliana seo ach táthar ag diriú go háirithe ar ghné na gastranamaíochta agus an Ghaeilge, mar thoradh ar Ghailimh a bheith ainmnithe mar Réigiún Gastranamaíochta na hEorpa i mbliana. Léirítear na cineál tograi atá ar bun go háitiúil, ar fad trí mheán na Gaeilge. Chomh maith leis seo, beidh plé painéil againn, ina mbeidh an téama 'An Ghaeilge labhartha agus An Ghaeilge scríofa: ró-éagsúil óna chéile?' á phlé. Beidh mír ghairid againn freisin ar an bhfile agus drámadóir áitiúil Séan (Johnny Chóil Mhaidhc) Ó Coistealbha nach maireann, mar aon le mír faoi 'Bhailiúchán na Scol' ó na 1930idí.

Pádraig Mac Piarais (1879 ~ 1916)

Thosaigh Pádraig Mac Piarais ag cur suime i gcultúr na hÉireann agus é ina dhéagóir. In 1898 rinneadh comhalta den Phiarsach ar Choiste Feidhmiúcháin Chonradh na Gaeilge. Bhain sé céim amach san Ollscoil Ríoga in 1901, céim sna Dáin agus sa Dlí. Bhíodh an Piarasach ag scríobh go seasta agus d'fhoilsigh sé cuid mhór saothar I nGaeilge agus i mBéarla.

Ceapadh ina eagarthóir é ar pháipéar nuachta Chonradh na Gaeilge, An Claidheamh Soluis. Chreid sé go láidir san oideachas agus bhunaigh sé dhá scoil, Coláiste Éanna agus Coláiste Íde, a bhí dírithe ar oideachas trí Ghaeilge do pháistí na hÉireann. Bhí an Piarasach ar dhuine de bhunaitheoirí na nÓglach agus bhí sé páirteach i gcumadh Fhorógra na Poblachta. Bhí sé in Ard-Oifig an Phoist le linn an Éirí Amach, áit a raibh sé ina Phríomh-Cheannfort ar fhórsaí na hÉireann.





Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh

Tá Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh suite i gcoilár Ghaeltacht Chonamara, ar Shli an Atlantaigh Fhiáin. Ar an láthair seo i 1909, thóg Pádraig Mac Piarais — scríbhneoir, oideoir agus ceannaire Éirí Amach 1916 — teach dó féin ar bhruach Loch Oiriúlach. In Ionad na gCuairteoirí, tá taispeántas maidir le hoidhreacht an Phiarsaigh, agus pléitear na rudaí a mheall go Conamara é: tírdhreach agus stair an réigiúin, agus an cultúr gaelach ársa atá fós ar an bhfód sa cheantar inniu. Déanann siad ceiliúradh freisin ar Chonamara na linne seo, a choinníonn slán na seanthraidisiúin, ach atá ag breathnú i dtreo na toadhchái. Ansin, is féidir le cuairteoirí sodar beag a thógáil thar an bportach, suas chuig Teach an Phiarsaigh féin, atá mar a bhí sé nuair a d'fhág an Piarasach é don uair dheireanach i 1915. Casfar á dtreoraithe áitiúla ort freisin, daoine atá faoi dhraiocht ag cultúr beoga Chonamara.



Amharclann Chois Fharráige

Bunaíodh Amharclann Chois Fharráige, atá lonnaithe i Seanscoil Sailearna, Indreabhán i mí na Samhna 2003 agus ó shin i leith tá sé ar an Amharclann is mó sa tír a bhfuil imeachtaí trí mheán na Gaeilge amháin á reachtáil ann. Tagann na mílte trí dhoirse na hAmharclainne ar feadh na bliana. Tagann siad as gach cearn den tír. Tá Amharclann Chois Fharráige/Seanscoil Sailearna aitheanta go náisiúnta anois mar thobar drámaíochta agus ealaíona na Gaeilge. Tá áiseanna den scoth san Amharclann mar shampla, suíocháin amharclainne, córas soilse & fuaimne agus é te tolaí. Tá spás san Amharclann do 160 duine.

CLÁR AMA

Déardaoin 26 Iúil 2018

Láthair: Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh (Ros Muc), Conamara

3 ~ 6 i.n. Deis dul ar thuras treoraithe de Theach an Phiarsaigh agus Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh idir na hamanna seo.

6.30 i.n. Clárú (Tae, caife & sóláistí ar fáil)

6.45 i.n. Fáiltiú ~ Úna Ní Eidhin, Oifigeach Forbartha na Gaeilge, Comhairle Chontae na Gaillimhe

6.50 i.n. Oscailt Oifigiúil na Scoile leis an gComhairleoir Seán Ó Tuairisg, Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe

7.00 i.n. Mir leis an scríbhneoir agus leis an bhfile áitiúil Jackie Mac Donncha ar an gcnuasach Lámhscríbhíne 'Bhailiúchán na Scol' - Bailiúchán béaloidis é seo a chnuasaigh páistí scoile in Éirinn le linn na 1930idí.

7.20 i.n. Daltaí óga áitiúla, Evelyn Ní Ghriallais agus Paul Ó Gríofa, agus comóradh á dhéanamh acu ar shaothar an Phiarsaigh, arna eagrú ag Kathy Ní Chonghaile

7.30 i.n.



Siamsaíocht le ceoltóirí éagsúla áitiúla: Johnny Óg Connolly (bosca ceoil), Pádraig Ó Dubhghaill (giotár), Luisne Ní Neachtain (fídlí), Brian Terry Mac Donnacha (an fheadóg mhór/ amhránaí), mar aon le damhsa ar an sean-nós le Charlie

Ní Mhainin agus amhránaíocht ar an sean-nós le Róisín Ní Shuilleabháin.

8.30 i.n. Críoch

Dé hAoine 27 Iúil 2018

Láthair: Amharclann Chois Fharráige (Seanscoil Sailearna),
Indreabhán

-
- 09.45 r.n. Clárú (Tae, caife & sóláistí ar fáil)
-
- 10.00 r.n. Fáiltiú — Úna Ní Eidhin, Oifigeach Forbartha na Gaeilge, Comhairle Chontae na Gaillimhe
An Comhairleoir Seán Ó Tuairisg, Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe
-
- 10.05 r.n. Plé painéil: 'An Ghaeilge labhartha agus An Ghaeilge scríofa: ró-éagsúil óna chéile?'
Cathaoirleach an tseisiúin: Eimear Ní Chonaola
Painéal: Siobhán Ní Ghadhra, Máire Ní Neachtain, Cuan Ó Seireadáin agus Maitiú Ó Cóimin
-
- 11.35 r.n. Briseadh gairid
-
- 11.40 r.n. 'An Garraí Glas' - Cur i láthair le hAonghus Ó Coistealbha (mac Johnny Chóil Mhaidhc Ó Coistealbha) agus Pat Ó Céidigh
-
- 12.40 i.n. Aithris á déanamh ag Daltaí ó Scoil Bhriocáin, An Gort Mór, ar fhilíocht de chuid Johnny Chóil Mhaidhc Ó Coistealbha, arna eagrú ag a bPríomhoide Micheál Ó Máille
-
- 1.00 i.n. Lón i Seanscoil Sailearna
-
- 2.05 i.n. 'Greim do Bhéil' – Giota eolais faoi mhodh maireachtála An Phiarsaigh i Ros Muc , le cabhair ó DVD 'An Cladach' le Pastime Chonamara agus Chomhairle Chontae na Gaillimhe, á chur i láthair ag Máirtín Davy
-
- 2.50 i.n. 'Stuaim Láimhe, Doras na Teangan': Stuaim Láimhe i dTeach an Phiarsaigh roimh 1916 – Taispeántas agus Cómhra le Baill do Pastime Chonamara
-
- 3.15 i.n.  Turas chuig seit an tsobaldráma 'Ros na Rún' sa Spidéal, le deis labhairt le duine de na scríbhneoirí.
-
- 4.45 i.n. Críoch

Cathaoireach Chontae na Gaillimhe, An Comh. Seán Ó Tuairisg



Rugadh agus tógadh an Comh. Ó Tuairisg i gCorr na Móna, Dúiche Sheoigheach. Toghadh ar Bhord Udarás na Gaeltachta ar dtús é i 1999 agus bhí sé ar an mBord go dtí

2012. Tá sé le Comhairle Chontae na Gaillimhe ón mbliain 2004. Chaith sé roinnt mhaith blianta mar Leas-Phríomhoide ar Choláiste Cholmcille in Inbreabhán agus tá roinnt téacsleabhar scríofa aige freisin i réimse na Míotólóireachta agus eile.

Eimear Ní Chonaola



Is láithreoir nuachta le Nuacht TG4/RTE í Eimear. Céimí de chuid Ollscoil na hÉireann Gaillimh. Tá taithí leathan aici ar a bheith ag tuairisciú ar scéalta baile agus

freisin tá tuairiscí agus cláracha curtha i láthair aici as an Nígir, an Mhaláiv, Cúba, an Bhrasail agus an Vatacáin. Tá cónaí uirthi sa Spidéal i gCois Fharraige.

Cuan Ó Seireadáin



Is as Baile Átha Cliath do Chuan. Is ag an Staatliche Hochschule fuer Musik und Darstellende Kunst i Stuttgart a bhain sé a chéim Máistreachta sa Cheoil amach, agus chaith sé os cionn 10 mbliana sa Ghearmáin ag seinm agus ag taisteal le ceolfhoirne éagsúla. Tár éis dó filleadh ar Éirinn, chaith sé tréimhsí mar Fheidhmeannach Cumarsáide agus mar Chomhordaitheoir 2016 Chonradh na Gaeilge sular ceapadh mar Choimeádaí an Chonartha é in 2017.

Máire Ní Neachtain



Ceann na Roinne Gaeilge i gColáiste Mhuire Gan Smál, Luimneach, as Baile an tSagairt sa Spidéal, céimí de chuid Choláiste na hOllscoile, Gaillimh agus Choláiste na Tríonóide. Tá spéis

ar leith aici i gceisteanna comhaimseartha Gaeltachta agus sna healaiona dúchasacha. Tá sí gníomhach in imeachtaí pobail sa Spidéal.

Siobhán Ní Ghadhra

Pic: Michael Dillon, Dillon Photography



Is Léiritheoir Teilifíse í Siobhán a bhunaigh a bhunlucht teilifíse Danú Media in 2015. Tá sí mar Léiritheoir Feidhmiúcháin ar Ros na Rún faoi láthair agus tograí eile idir lámha aici

freisin. Tá duaiseanna éagsúla bronnta uirthi, dhá dhuais Emmy ina measc. Tá sí mar Chathaoirleach ar Bhord 'An Eoraip Chruthaitheach' i nGaillimh, mar bhall de Bhord 'An Blue Teapot Theatre Company', agus mar bhall de bhord TG4 freisin.

Maitiú Ó Coimín



Tá Maitiú Ó Coimín ina eagarthóir ar an iris chultúir NÓS i láthair na huair. Chaith sé tréimhsí ina iriseoir leis an suíomh nuachta Tuairisc.ie agus ina iriseoir ilmheáin le Nuacht RTÉ/TG4 le

blianta beaga anuas. D'fhreastal sé Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus is aistritheoir cáilithe é freisin, le Séala Creidiúnaithe d'Aistritheoirí bainte amach aige.

Aonghus Ó Coistealbha



Chuir Aonghus, mac Johnny Chóil Mhaidhc (file agus drámadóir aitheanta as Gaeltacht Chonamara), tús lena thogra 'An Garraí Glas' roinnt blianta ó shin, chun

glasraí úra orgánacha a chur ar fáil do mhuintir Chonamara. Tá an-dul chun cinn déanta ag an bhfeirm fhíorbheag seo atá lonnaithe sna Creagáin in aice le TG4. Díoltar glasraí díreach ón bhfeirm féin le taobh an bhóthair agus ag margáí éagsúla freisin. Tá forbairt déanta acu ar thollán mór agus ar gharraí mór eile i gceantar an Spidéil. Tagann oibríthe deonacha ó gach cearn den domhan chun oibriú ar an bhfeirm beag seo.

Beidh Pat Ó Cédigh as Leitir Calaidh i gConamara i mbun cainte freisin faoi fheirm bheag den mhúnla céanna a thug sé féin faoi le gairid. Déanfaidh sé cur síos ar na deacrachtaí agus na féidearthachtaí a bhaineann leis an gcineál seo oibre agus slí maireachtála.

Máirtín Davy Ó Coisdealbha



Iar-Chraoltóir, Iriseoir Neamhspleach agus Teagascóir Ceardaíochta as Indreabhán i gConamara é Máirtín Davy. Chaith sé blianta fada ag obair le RTÉ Raidió

na Gaeltachta agus ar chláracha teilifíse freisin. I láthair na huair, tá an togra 'Pastime Chonamara' idir lámha aige, ina gcuirtear ranganna ceardaíochta ar fáil do dhaoine trí mheán na Gaeilge.

Jackie Mac Donncha



Scribhneoir agus file as ceantar Chonamara. Tá filíocht, úrscéalta agus gearrscéalta dá chuid foilsithe ag Cló Iar-Chonnacht. Tá ranganna sa Scribhneoireacht

Chruthaitheach á dtabhairt aige i meán scoileanna le breis is 20 bliain anuas. Tá cuid dá shaothar léite aige ar RTÉ Raidió na Gaeltachta, ar TG4, agus in áiteacha éagsúla in Éirinn, in Albain, i Sasana, i Meiriceá agus sa tSeapáin.

Buíochas

Ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghlacadh le gach uile duine a chuidigh linn chun an Scoil Samhraidh seo a chur ar an bhfód don cheathrú bliain as a chéile.

Taisteal

Chuig Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh (Éirchód: H91 DW9A)

Bóthar ó Dheas R336 & R340: Buail siar ó Chathair na Gaillimhe ar bhóthar Chois Fharraige, an R336 chomh fada le Scrib (ag casadh ar dheis i gCasla i dtreo Chamais). Ag Scrib, cas ar chlé ar an R340 i dtreo Ros Muc.

Bóthar ó Thuaisne N59, R336 & R340: Tabhair an N59 ort féin amach as Cathair na Gaillimhe trí Mhaigh Cuilinn agus Uachtar Ard go dtí an Teach Dóite. Cas ar chlé ar an R336 ag Crosbhóthar an Tí Dhóite agus lean an bóthar go Scrib. Lean ort díreach ar an R340 go dtiocfaidh tú chomh fada le Ros Muc.

Chuig Amharclann Chois Fharraige, Seanscoil Sailearna (Eirchód: H91 W925)

Bóthar an R336: Buail siar ó Chathair na Gaillimhe ar bhóthar Chois Fharraige an R336 chomh fada le hIndreabhán agus tá an Scoil ar thaobh na láimhe déise.

Páirceáil

Tá neart páirceála ar fáil ag ag Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh agus ag Amharclann Chois Fharraige (Seanscoil Shailearna) freisin.

Táille

Saor in aisce

Clárú

Má tá spéis agat freastal ar an Scoil Samhraidh nó ar aon pháirt faoi leith di, bheimis buíoch dá bhféadfá teagmháil a dhéanamh linn chun spás a chur in áirithe, os rud é go bhféadfadh spásanna a bheith teoranta do chuid de na himeachtaí. Is féidir glaoch a chur orainn ag 091-509030 nó ríomhphost a sheoladh chuig gaeilge@cocogaillimh.ie roimh 4in, Dé Luain 23/7/18. Is féidir aon riachtanas speisialta a chur in iúl dúinn roimhré.



Tuilleadh Eolais:

Úna Ní Eidhin

Oifigeach Forbartha na Gaeilge,

Comhairle Chontae na Gaillimhe,

Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh,

Teil: 091 509 325

R-phost: gaeilge@cocogaillimh.ie

www.gaillimh.ie



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council